Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2024
(OR. en)

10547/24
PV CONS 30
TRANS 260
TELECOM 198
ENER 266

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)

30 Bealtaine 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10234/24.

**2. Formheas na míreanna ‘A’**

**(a) Liosta neamhreachtach** 10310/24

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 10311/24

**Sláinte**

1. **Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/745 agus (AE) 2017/746 a mhéid a bhaineann le rolladh amach Eudamed de réir a chéile, an oibleagáid eolas a thabhairt i gcás ina gcuirtear isteach ar sholáthar nó ina scoirtear de sholáthar, agus forálacha idirthréimhseacha le haghaidh feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* áirithe**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d’fhormheas Coreper, Cuid 1, an 29 Bealtaine 2024

❶ C

10225/24
PE-CONS 54/24
+ COR 1
**+ COR 2 (it)**
SAN

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 114 agus 168(4), pointe (c) CFAE).

**An Comhshaol**

2. **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 maidir le mearcair a mhéid a bhaineann le malgam fiaclóireachta agus táirgí eile ar cuireadh mearcair leo**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 29 Bealtaine 2024

❶C
10210/24
PE-CONS 53/24
ENV

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

**An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht**

3. **Treoir maidir leis an gceart chun deisiúcháin a chur chun cinn**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 29 Bealtaine 2024

❶C
9378/24 + ADD 1
PE-CONS 34/24
CONSOM

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Eastóin agus an Laitvia ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

4. **Rialachán maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 22 Bealtaine 2024

❶C
9464/1/24 REV 1
+ REV 1 ADD 1
PE-CONS 36/24
EF

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

5. **Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 22 Bealtaine 2024

9573/24
PE-CONS 35/24
EF

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

6. **Treoir maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 22 Bealtaine 2024

9574/24
PE-CONS 37/24
EF

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

7. **Rialachán 3 maidir le Ceanglais Chaipitil**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 22 Bealtaine 2024

9576/24
PE-CONS 80/23
EF

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

8. **Treoir VI maidir le Ceanglais Chaipitil**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 22 Bealtaine 2024

9575/24
PE-CONS 79/23
EF

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 53(1) CFAE).

**<u>Ceartas agus Gnóthaí Baile</u>**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **9.** | **Treoir lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1153 maidir le rochtain lucht forfheidhmithe dlí ar fhaisnéis airgeadais: pointe rochtana aonair**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 22 Bealtaine 2024 | ❶C | 10046/24 + ADD 1<br>PE-CONS 44/24<br>ENFOPOL |

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 87(2) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac <u>an Danmhairg</u> páirt sa vótáil.

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

| | | |
|---|---|---|
| 3. | Conclúidí maidir le heangacha leictreachais inbhuanaithe a fhorbairt<br>*Formheas* | 10244/24 |
| 4. | Teachtaireacht RePowerEU: quo vadis?<br>*Seisiún tuairimíochta* | 9774/24 |
| 5. | An Comhaontú Glas don Eoraip – staid na himeartha<br>*Seisiún tuairimíochta* | 9775/24 |

**<u>Aon ghnó eile</u>**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | (a) | Calaois bithbhreoslaí a chosc<br>*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Gearmáine, na Fraince agus na hÍsiltíre* | 10302/24 |
| | (b) | Tionchar an mhuirir neodrachta maidir le stóráil gáis agus an gá atá le comhordú níos fearr ar an leibhéal Eorpach<br>*Faisnéis ó thoscaireachtaí na hOstaire, na Seicia, na Slóvaice agus na hUngáire* | 10265/24 |

**(c)** **'Ráiteas maidir le hIdirphlé Bliantúil Beartais Karlovy Vary' agus an gá atá leis an aistriú cóir a neartú i réigiúin atá thíos leis an dícharbónú** [2] 9917/24
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Seice agus na Slóvaice*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Seice agus na Slóvaice ar fáil.

(d) Na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le ceant 2024 an Chiste don Nuálaíocht maidir le hidrigin in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh (an dara babhta de cheant H2) 10386/24
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Polainne, na Seicia agus hUngáire*

**(e)** **Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide – staid na himeartha** [2] 10095/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(f) Slándáil fuinnimh agus ullmhacht don gheimhreadh 10100/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(g) Nósanna imeachta a chuíchóiriú d'fhonn sásraí acmhainneachta a ghlacadh i gcomhthéacs an athchóirithe ar dhearadh an mhargaidh leictreachais 10098/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(h) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Ungáir*

---

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 10311/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir maidir leis an gceart chun deisiúcháin a chur chun cinn**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN EASTÓIN AGUS ÓN LAITVIA**

'Tacaíonn an Eastóin agus an Laitvia le príomhchuspóirí na Treorach tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin, an geilleagar ciorclach agus cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn. Ag an am céanna, creidimidne gur cheart go gcuirfí breisluach leordhóthanach ar fáil leis na bearta a ghlacfar chun na spriocanna sin a bhaint amach agus gur cheart dóibh a bheith éifeachtach sa chleachtas.

Cé go bhfuil feabhas áirithe curtha ar an togra tosaigh (lena n-áirítear le linn na gcruinnithe tríthaobhacha), nílimid go hiomlán cinnte fós go bhfuil na bearta uile a tugadh isteach iomchuí agus riachtanach chun cuspóirí na Treorach a bhaint amach (i.e. oibleagáid an mhonaróra maidir le deisiú agus na leasuithe a rinneadh ar an Treoir maidir le díolacháin earraí a trasuíodh le déanaí). Ach, tá rud amháin cinnte – éiríonn leis **ualach breise riaracháin** a tharraingt ar ghnólachtaí agus ar na Ballstáit, agus ró-ualach faisnéise do thomhaltóirí.

Go háirithe, is é an t-ardán ar líne an t-ábhar imní is mó a bhí againn ón tús, agus is amhlaidh atá an scéal fós.

Ar an gcéad dul síos, ní chreidimidne go n-úsáidfeadh an gnáth-thomhaltóir é chun faisnéis a lorg maidir le soláthraithe seirbhísí deisiúcháin. Tá an teicneolaíocht lárnach i sochaí an lae inniu; tá rochtain cheana féin ag tomhaltóirí ar innill chuardaigh agus ar na meáin shóisialta éagsúla, rud a fhágann gur féidir leo teacht ar an bhfaisnéis is gá go tapa agus go héifeachtúil.

Ar an dara dul síos, cé go measaimid gur fearr an rogha é an t-ardán Eorpach aonair i gcomparáid le 27 n-ardán náisiúnta, is cúis imní dúinn an t-ualach riaracháin a chuirtear ar na Ballstáit as na ranna náisiúnta a bhainistiú. Ós amhlaidh atá, nílimid i bhfabhar an fhreagracht as feidhmiú ranna náisiúnta d'ardán uile-Aontais a áirithiú a chur ar na Ballstáit ós rud é go bhfuil éagsúlacht sna costais a bhaineann le riarachán, clárú agus seirbhís d'úsáideoirí. Is ualach rómhór é sin ar na Ballstáit bheaga, cur i gcás an Eastóin agus an Laitvia. Thairis sin, má fhágtar faoin mBallstát aonair a choinníollacha féin a fhorchur maidir le clárú agus rochtain ar an ardán, tá an baol ann go mbeadh an margadh inmheánach laistigh den Aontas ilroinnte. Bheadh ualach ar leith ag baint le coinníollacha breise a fhorchur ar dheisitheoirí beaga, nach n-úsáidfeadh an t-ardán dá thoradh, rud a laghdódh iomaíochas agus infheictheacht fiontraithe beaga.

Mar fhocal scoir, táimid den tuairim go bhfuil ualach díréireach ag baint le feidhmiú na rann náisiúnta d'ardán Eorpach a áirithiú agus go mbeadh costais mhíréasúnta ar Bhallstáit de dheasca. Táimid go mór in amhras an dtugann ardán ar líne breisluach leordhóthanach chun údar a thabhairt leis an oibleagáid sin a fhorchur ar na Ballstáit. Bheimis in ann tacú le tabhairt isteach an ardáin Eorpaigh ar choinníoll gurb é an Coimisiún amháin a bheadh freagrach as forbairt, bainistiú agus feidhmiú an ardáin a áirithiú (lena n-áirítear na ranna náisiúnta).

I bhfianaise an mhéid thuas, ar an drochuair, ní féidir leis an Eastóin ná leis an Laitvia an téacs críochnaitheach a fhormhuiniú.'

**<u>Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':</u>** **Rialachán maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Athdhearbhaíonn an Ostair a tiomantas láidir don chomhrac i gcoinne na coireachta airgeadais agus tacaíonn sí leis an gcomhréiteach maidir leis an bpacáiste reachtach. Ba mhaith leis an Ostair béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le rochtain ar airgead tirim, ní hamháin don phobal i gcoitinne ach don chuimsiú sóisialta agus airgeadais araon. Tacaíonn an Ostair le gníomhaíochtaí breise chun dlíthairiscint nótaí bainc agus bonn euro a neartú, lena n-áirítear i gcomhthéacs na caibidlíochta reachtaí atá ar siúl faoi láthair maidir leis an Rialachán dlíthairisceana.'

**<u>Maidir le mír 9 ar liosta na míreanna 'A':</u>** **Treoir lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1153 maidir le rochtain lucht forfheidhmithe dlí ar fhaisnéis airgeadais: pointe rochtana aonair**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Dar leis an gCoimisiún, is i gcomhthéacs an phacáiste maidir le Frithsciúradh Airgid is iomchuí aghaidh a thabhairt ar chomhar Europol le hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais i ndáil lena n-anailís chomhpháirteach. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht gurb i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 a rachfar i mbun aon chomhar den chineál sin le Europol, go háirithe na rialacha maidir le cúraimí Europol agus na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar síos sa Rialachán sin.'